Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12328/25**

**CDR 53**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dáta an 8 Bealtaine 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Rogério DE ANDRADE GOUVEIA, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12279/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Rogério DE ANDRADE GOUVEIA, mhol Rialtas na Portaingéile[2] Duarte Nuno NUNES DE FREITAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Secretário Regional das Finanças do Governo Regional da Madeira* (Rúnaí Réigiúnach Airgeadais Rialtas Réigiúnach Mhaidéara), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 12255/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 12327/25.